# 6 Costas chun póilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí nach dualgas poiblí iad

**6.1** Sonraítear in Acht an Gharda Síochána, 2005 (an tAcht) go bhféadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána (an Coimisinéir) seirbhísí póilíneachta a sholáthar agus táille a ghearradh orthu

- má tá an t-imeacht ar mhaithe le leas an phobail agus má tá sé i gcomhréir le feidhmeanna an Gharda Síochána chun na seirbhísí a sholáthar, agus
- má tá an Coimisinéir sásta gur íoc nó go n-íocfaidh an duine as na seirbhísí.


- Leis an Acht, tugtar an t-údarás reachtach don Choimisinéir táillí a shocrú chun aisghabháil a dhéanamh ar chostais a tabhaíodh ó phóilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí nach dualgas poiblí iad.

**6.2** Ar iarratas ó dhuine a chuireann imeacht chun cinn, féadfaidh an Garda Síochána seirbhísí póilíneachta a sholáthar le haghaidh imeachtaí ar mhaoin phoiblí nó phríobháideach — tugtar dualgas nach dualgas poiblí é (NPD) air seo. Is samplaí iad seo a leanas de chineálacha imeachtaí ar féidir seirbhísí póilíneachta a sholáthar dóibh

- cluichí spóirt
- ceolchoirmeacha/féilte ceoil
- seónna talmhaíochta
- féilte agus taispeántais
- iompar ualaí neamhghnácha
- tionlacain chun pléascáin faoi bhealach a chosaint
- cruinnithe agus comhdhálacha
- léiriú scannán, clár teilifíse agus fógraí
- imeachtaí a bhaineann le daoine aonair nó le grúpaí ar dóigh dóibh líon mór daoine a mhealladh go dtí an t-imeacht.

**6.3** Déantar admhálacha ó tháillí do NPD a thaifeadadh i gcuntas leithreasa an Gharda Síochána mar leithreasaí i gcabhair (féach Fíor 6.1). Is féidir an t-ioncam sin a choinneáil agus a úsáid chun caiteachas an Gharda Síochána a mhaoiniú. Toisc nach ndéantar tuairisciú ar leith ar na costais a thabhaítear ó phóilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí NPD, tá sé deacair a mheas an bhfuil an leibhéal cuí costas a bhaineann le póilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí NPD á aisghabháil ag an nGarda Síochána.

**Fíor 6.1 Admhálacha ó phóilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí nach dualgas poiblí iad[a]**




Foinse: Cuntais leithreasa an Gharda Síochána 2013 – 2023

Nótaí: a Taifeadtar admhálacha sa bhliain ina mbailítear iad.

b Ceartúchán: Rinneadh an méid fáltais don bhliain 2023 a thaifeadadh go mícheart mar €7.2m sa tuarascáil bhunaidh a foilsíodh agus tá an méid sin nuashonraithe go €8.4m anois.

**6.4** Rinneadh an scrúdú seo chun a mheas cé acu atá nó nach bhfuil na nithe seo a leanas ag an nGarda Síochána:

- beartas muirearaithe cuimsitheach maidir le póilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí NPD.
- nósanna imeachta cuí chun aisghabháil a dhéanamh ar chostais a thabhaítear nuair a dhéantar póilíneacht ar imeachtaí NPD; agus
- rialuithe cuí maidir le muirearú, billeáil agus admhálacha a eisítear nuair a dhéantar póilíneacht ar imeachtaí NPD.

**6.5** Bhí athbhreithniú ar bheartais, nósanna imeachta agus doiciméid ábhartha eile an Gharda Síochána, anailís ar shonraí riaracháin, agus athbhreithniú mionsonraithe ar shampla de 15 imeacht NPD a bhain le hadmhálacha 2023 i gceist leis an scrúdú seo.[1]

## Beartas aisghabhála costas

**6.6** Féadfaidh an Coimisinéir, de réir an dlí, táillí a shocrú chun aisghabháil a dhéanamh ar chostais a bhaineann le póilíneacht a dhéantar ar imeachtaí NPD. Tá gá le beartais agus prionsabail shoiléire le cinneadh a dhéanamh maidir leis na himthosca is iomchuí chun costais a aisghabháil, agus le táillí agus muirir a shocrú má chomhaontaítear gur cheart costais a aisghabháil.

**6.7** Roimh 2022, bhí an beartas maidir le póilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí nach dualgas poiblí iad faoi chuimsiú *Chód Airgeadais an Gharda Síochána*. I gcomhréir le forálacha an Achta agus an Chóid, bhí cleachtas ann muirear a ghearradh ar thionscnóirí/eagraithe as comhaltaí den Gharda Síochána a shannadh d’imeachtaí NPD.

1 As an sampla de 15 imeacht, tharla 13 cinn in 2023. Tharla an dá imeacht eile in 2022 agus fuarthas an íocaíocht in 2023.

**6.8** I dtreoir inmheánach de chuid an Gharda Síochána, a eisíodh in 2005, leagadh amach réimse rátaí le gearradh as póilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí NPD. Bhí na rátaí muirir (in aghaidh an chomhalta) idir €59 in aghaidh na huaire agus €130 in aghaidh na huaire, bunaithe ar chéim an chomhalta a sannadh don imeacht, agus cibé acu ar tharla an t-imeacht ag an deireadh seachtaine nó i lár na seachtaine. Measadh na rátaí bunaithe ar na scálaí tuarastail a bhí i bhfeidhm ag an am sin (Samhain 2005). Cuireadh na rátaí sin i bhfeidhm go dtí Meitheamh 2022, nuair a thug an Garda Síochána treoirdhoiciméad eatramhach isteach ar acmhainní an Gharda Síochána ag imeachtaí agus ceolchoirmeacha ceadúnaithe (féach Fíor 6.2).[1]

**6.9** I dtreoir eatramhach mhí an Mheithimh 2022, athraíodh an ráta comhlúthach chuig bunráta €45 in aghaidh na huaire, a raibh feidhm aige maidir le comhaltaí ag gach céim a shanntar d'imeachtaí NPD arna gceadúnú ag na Gardaí. Is éard atá sa bhunráta €45 ná bunráta ragoibre €38.40 in aghaidh na huaire bunaithe ar an ráta ragoibre is iníoctha le Garda ag lárphointe an scála pá, ranníocaíocht ÁSPC fostóra €4.24, agus suim ainmniúil €2.36 in aghaidh na huaire mar ranníocaíocht i dtreo costais neamhphá.

**6.10** Dúirt an Garda Síochána gur tharla an t-aistriú chuig bunráta in aghaidh na huaire a bhí nasctha le ráta ragoibre scála pá an Gharda Síochána mar gheall ar an méid seo a leanas:

- tá tromlach an phearsanra a shanntar chuig imeachtaí NPD ag céim an Gharda.
- athbhreithniú a rinneadh ar shonraí stairiúla inar léiríodh gur gearradh an chuid is mó de NPD ag an ráta ragoibre; agus
- leanúnachas agus éascaíocht riaracháin.

**6.11** I mí Mheán Fómhair 2023, d'fhoilsigh an Garda Síochána beartas agus d'fhorbair sé doiciméad nós imeachta inmheánach ar sholáthar sheirbhísí an Gharda Síochána le haghaidh imeachtaí NPD.[2] Sonraíodh sa doiciméad nós imeachta go ngearrfaí bunráta €45 in aghaidh na huaire mar chostáil ar gach imeacht NPD idir chinn ceadúnaithe agus neamhcheadúnaithe, faoi réir coigeartú tréimhsiúil.

1 Ní mór ceadúnas a bheith ag imeacht ina bhfuil 5,000 nó níos mó pátrún/duine sa lucht féachana, faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú).

2 Soláthar Seirbhísí an Gharda Síochána le haghaidh Imeachtaí Áirithe agus Muirir lena mBaineann.

**Fíor 6.2 Nósanna imeachta an Gharda Síochána chun táille a ghearradh ar imeachtaí nach dualgas poiblí iad**

**Roimh 2022**
Treoracha inmheánacha maidir leis na rátaí le cur i bhfeidhm

- Ní ann do nósanna imeachta foirmiúla chun costais a aisghabháil, e.g. meabhrúcháin maidir le híocaíocht a dhéanamh, athbhreithnithe foirmiúla, etc
- Rátaí teacht amach in aghaidh na huaire bunaithe ar scála tuarastail mhí na Samhna 2005 idir €58.68 agus €129.73 ag brath ar chéim an bhaill foirne agus an lá den tseachtain
- Tá feidhm ag táille bhreise dualgais oíche in aghaidh na huaire ó 6pm go 8am
- Íostréimhse teacht amach 3 huaire an chloig i bhfeidhm

**Meitheamh 2022**
Treoir eatramhach le haghaidh imeachtaí ceadúnaithe

- Níl feidhm ag an treoir eatramhach ach amháin maidir le himeachtaí ceadúnaithe
- Bunráta €45 in aghaidh na huaire i bhfeidhm maidir le costáil ball den Gharda Síochána gan beann ar ghrád/lá den tseachtain/am den lá
- Tá feidhm ag an ráta maidir le baill den Gharda Síochána a shanntar laistigh d'ionad an imeachta
- Táillí laghdaithe le cur i bhfeidhm maidir le baill den Gharda Síochána a shanntar lasmuigh den ionad agus sa cheantar máguaird
- Leanfaidh rátaí 2005 d'fheidhm a bheith acu maidir le himeachtaí neamhcheadúnaithe

**Meán Fómhair 2023**
Beartas agus nós imeachta athbhreithnithe curtha i bhfeidhm

- Tá feidhm acu maidir le himeachtaí ceadúnaithe agus neamhcheadúnaithe
- Bunráta €45 in aghaidh na huaire infheidhme maidir leis an gcostáil thar gach grád suas go dtí Cigire, i gcás gach imeachta nach mbaineann dualgas poiblí leis
- Níl aon íostréimhse táillí leagtha amach
- Tugtar isteach maitrís scórála chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an lacáiste ar tháillí iomchuí bunaithe ar an gcineál imeachta NPD
- Tá trí leibhéal aisghabhála costas san áireamh — an costas iomlán a aisghabháil, lacáiste 50% nó lacáiste 100% (i.e. gan táille)
- Tá sé éigeantach go gcomhlíonann an fhoireann ar fad na nósanna imeachta seo

Foinse: An Garda Síochána. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**6.12** Níor tháinig an fhoireann imscrúdaithe ar aon fhianaise gur thug an Garda Síochána meastachán ar na costais iarbhír a tabhaíodh maidir le póilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí NPD ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an ráta €45/in aghaidh na huaire a gearradh. Ina theannta sin, ní léiríonn an bunráta €45 rátaí breise ragoibre nó lamháltais a bhí le híoc as a bheith ar dualgas ar an Domhnach nó ar laethanta saoire poiblí. Ní dhearnadh athbhreithniú ar an mbunráta a gearradh ach an oiread chun méaduithe pá a bronnadh ó mhí Aibreáin 2023 a chur san áireamh.

6.13 Dá bharr sin, is costas sílte é an táille seachas na costais iarbhír. Más lú na táillí a ghearrtar mar thobhach i dtaca le póilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí NPD ná na costais a tabhaíodh, maoiníonn an Státchiste an méid de na costais nach bhfaightear ar ais sa deireadh thiar.

## Lamháltais maidir leis an ráta a ghearrtar

6.14 Is ceist bheartais í go bhféadfar lacáiste a thabhairt ar an mbunráta €45/san uair do bhall a fhreastalaíonn, ag brath ar an gcineál imeachta agus na cúinsí inar cuireadh an ball amach.

### *Lacáiste táillí agus tarscaoileadh*

6.15 Tá an Garda Síochána freagrach as an ord poiblí agus as an tsábháilteacht a choimeád ar bun ina dhualgais póilíneachta ó lá go lá agus, mar sin de, d’fhéadfadh sé tarlú anois is arís go dtagann gnáth-dhualgas poiblí an Gharda Síochána salach ar phóilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí NPD. I gcásanna den sórt sin, measann an Garda Síochána nach iomchuí é an táille iomlán a ghearradh.

6.16 Sa treoir eatramhach mhí an Mheithimh 2022 luadh go ngearrfadh an Garda Síochána táille as an am a mbeadh baill ag obair in ionad imeachta, ach nach ngearrfaidís táillí iomlána as acmhainní a úsáideadh lasmuigh den ionad nó sna ceantair máguaird. Leagtar amach sa treoir gur faoin Ard-Cheannfort áitiúil don cheantar a raibh an t-imeacht ar siúl ann an cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal acmhainní cuí nach ngearrfaí táillí orthu a shocrú.

6.17 Tá modheolaíocht nua i mbeartas mhí Mheán Fómhair 2023 maidir le seirbhísí an Gharda Síochána a sholáthar le haghaidh imeachtaí NPD chun scór a thabhairt d’imeachtaí bunaithe ar a saintréithe (e.g. an cineál imeachta, cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag táille iontrála, etc.). Tá an mhaitrís scórála leagtha amach in Iarscríbhinn 6A. Úsáidtear an scór deiridh chun a chinneadh cén leibhéal lacáiste táillí a chuirfear i bhfeidhm – nialas, lacáiste 50% nó 100% (i.e. gan aon táille).

6.18 Luaitear freisin sa bheartas i gcás inar imeacht tráchtála agus bunaithe ar bhrabús é, go gcuirfear an táille iomlán as seirbhísí an Gharda Síochána i bhfeidhm.

6.19 Tá an tArd-Cheannfort áitiúil freagrach as cinneadh a dhéanamh ar an líon pearsanra ón nGarda Síochána a chuirfear amach chuig imeacht agus an limistéar mórthimpeall air. Tá sé nó sí freagrach freisin as an gcinneadh táille laghdaithe a chur i bhfeidhm nó an táille a tharscaoileadh, bunaithe ar thorthaí na maitríse scórála.

6.20 Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar na taifid le haghaidh cúig imeacht (ón sampla de 15 imeacht) i gcás inar gearradh táille laghdaithe nó nár gearradh aon táille, faoin mbeartas reatha. Ní raibh an Garda Síochána in ann maitrís scórála iomlán a sholáthar d’aon cheann de na himeachtaí a roghnaíodh.

6.21 I gcás amháin, tarscaoileadh an táille ar imeacht NPD toisc gur measadh gur ‘imeacht carthanachta’ a bhí ann. Mar sin féin, bhí táille iontrála le híoc ag na rannpháirtithe ag an imeacht agus choinnigh an comhlacht eagraithe, nach carthanas cláraithe é, an t-ioncam a tháinig as sin. Fuarthas san imscrúdú nach bhfuil aon cheanglas sa doiciméad nós imeachta reatha i dtaca le stádas carthanachta ag lucht eagraithe d’imeachtaí a fhíorú, nuair atá cinneadh á dhéanamh maidir leis an táille ar imeacht NPD a tharscaoileadh.

**6.22** Nuair a laghdaítear nó nuair a tharscaoiltear táille, is é an Státchiste a íocann an costas a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthar. Ar an gcúis sin, ba cheart do chinntí maidir leis na táillí a laghdú nó a tharscaoileadh a bheith i gcomhréir leis an treoir bheartais, agus a bheith doiciméadaithe go hiomlán. I gcás nach ndéantar doiciméadú soiléir ar an réasúnaíocht a bhaineann leis an lacáiste ar tháillí a chur i bhfeidhm nó an táille a tharscaoileadh, baintear an bonn ansin ó shláine an chórais lena ngearrtar táillí agus d'fhéadfadh sé gur fóirdheonú éifeachtach Státchiste ar ghníomhaíocht tráchtála a bheadh i gceist leis.

### *Comparáid le costais iarbhír arna dtabhú*

**6.23** Sa doiciméad beartais agus nós imeachta gaolmhar is déanaí, tugtar cuntas ar an modheolaíocht agus an réasúnaíocht ghaolmhar maidir leis an táille a ríomh. Mar sin féin, ó athbhreithniú ar an sampla (15 imeacht), thángthas ar chur chuige nach raibh comhsheasmhach maidir leis an gcaoi ar cuireadh an bunráta i bhfeidhm san imscrúdú.

- I roinnt cásanna, cuireadh an bunráta a gearradh i bhfeidhm ar uaireanta measta an Gharda Síochána de réir mar a chinn an tArd-Cheannfort é le linn dó an leibhéal acmhainní a theastaigh chun póilíneacht a dhéanamh ar imeacht a phleanáil.
- I gcásanna eile, cuireadh táille an bhunráta i bhfeidhm ar uaireanta a tuairiscíodh agus a seoladh ar ais chuig an Aonad Airgeadais ar fhoirmeacha páipéir, ar a dtugtar an tuairisceán A17.

**6.24** Fuarthas san imscrúdú gur mhó, i gcás imeachtaí móra tráchtála, na huaireanta a tuairiscíodh go minic ná na huaireanta ar tugadh meastachán ina leith ag an tús.

#### *Deacrachtaí maidir le costais iarbhír a thiomsú*

**6.25** Tugadh isteach an córas bainistíochta uainchláir agus dualgais sa Gharda Síochána chun feabhas a chur ar acmhainneachtaí eagraíochtúla a bhaineann le himscaradh acmhainní foirne a phleanáil, a rialú agus a bhainistiú. As sin freisin, déantar coigiltis ar chostas ragoibre trí leithdháileadh acmhainní níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Cuireadh an tionscadal ar bun mar thionscadal píolótach i Rannán an Oirthir de Réigiún Bhaile Átha Cliath in 2017 agus tá sé beo i ngach réigiún anois.

**6.26** Cuireadh beartas i bhfeidhm le haghaidh córas uainchláir, agus dualgais agus éifeacht aige ón 19 Feabhra 2020. Luaitear ann go bhfuil sé éigeantach do phearsanra uile an Gharda Síochána an doiciméad beartais agus an doiciméad nós imeachta gaolmhar a chomhlíonadh.

**6.27** Ní úsáidtear an córas bainistíochta uainchláir agus dualgais i láthair na huaire chun uaireanta a oibríodh, ragobair ghaolmhar ná lamháltais i ndáil le NPD a thaifeadadh agus a bhainistiú. Mhaígh an Garda Síochána go bhfuil measúnú leanúnach á dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le pleanáil agus bainistíocht NPD a bhogadh chuig an gcóras bainistíochta uainchláir agus dualgais.

**6.28** Úsáidtear an tuairisceán A17 chun eolas a fháil ar na nithe seo a leanas:

- líon agus grád bhaill an Gharda Síochána atá sannta don imeacht NPD.
- an líon uaireanta a d'oibrigh gach ball den Gharda Síochána.
- an ráta taistil agus cothaithe is infheidhme.

**6.29** Fuair an fhoireann imscrúdaithe amach nach ndéantar ach uaireanta ragoibre amháin a thaifeadadh ar na tuairisceáin A17 de ghnáth. Glacann an Garda Síochána leis gurb iad baill nach bhfuil ar an uainchlár a oibríonn uaireanta NPD. I gcás ina dtarlaíonn sé de ghnáth go gcuirtear baill den Gharda Síochána nó de Chúltaca an Gharda Síochána a bhíonn ar an uainchlár amach freisin chuig imeacht, ní thaifeadtar é sin ar an tuairisceán A17, agus mar sin ní leithdháiltear táillí gaolmhara ar an imeacht NPD.

**Fíor 6.3 Dúshláin maidir le costais a aithint, arna dtabhú chun póilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí NPD**

| An chomhpháirt costais | Foinse an eolais | Na dúshláin a d'aithin an fhoireann imscrúdaithe |
|---|---|---|
| **Costais ragoibre — Baill den Gharda Síochána sannta d'uaireanta NPD** | Tuairisc phárolla ragoibre i gcás uaireanta NPD | ▪ Áirítear costais ragoibre leo nár nascadh ach amháin le himeacht NPD (i.e. arna thabhú ag foireann nach bhfuil ar an uainchlár i gcomhair dualgais). Ní chuirtear gnáthuaireanta ragoibre (arna dtabhú ag foireann ar an uainchlár) san áireamh.<br>▪ Baol ann go bhféadfadh an t-eolas a bheith easnamhach má tá sé mícheart nó murar taifeadadh aon tagairt do NPD. |
| **Taisteal agus cothú arna éileamh ag baill den Gharda Síochána atá sannta do NPD** | Foirm éilimh ar thaisteal agus cothú, i bhfoirm páipéir<br>Tuairisceán A17 le sonraí den ráta taistil agus cothaithe<br>Tuairisc ar íocaíochtaí taistil agus cothaithe a rinneadh | ▪ Baol earráide méadaithe, agus easpa rian iniúchta le foirmeacha taistil agus cothaithe i bhfoirm páipéir.<br>▪ Easpa comhsheasmhachta idir an t-eolas a thaifeadtar ar an tuairisceán A17, an fhoirm éilimh ar thaisteal agus cothú agus an cothú a íocadh in aghaidh na tuairisce íocaíochtaí.<br>▪ Easpa comhsheasmhachta sa taifeadadh ar uimhir thagartha NPD/ainm an imeachta ar fhoirmeacha taistil agus cothaithe agus taifid íocaíochta, rud lena méadaítear an baol go bhfaighfear costais easnamhacha a bheidh míchruinn. |
| **Costais phá na mball ar an uainchlár nuair a aistrítear iad ó dhualgais eile agus nuair a shanntar iad do NPD** | Níl sé taifeadta ná inaitheanta<br>Níl sé luaite ar an tuairisceán A17 | ▪ Cur chuige nach bhfuil comhsheasmhach maidir le taifeadadh an eolais sin.<br>▪ Ní féidir foireann ar an uainchlár a nascadh le himeacht NPD, rud lena méadaítear an baol go bhfuil na costais iarbhír NPD easnamhach. |
| **Leithdháileadh forchostas – éide, trealamh, etc.** | Níor sainaithníodh aon tuairisc/mhodh chun forchostais bhreise a leithdháileadh | ▪ Ní áirítear leis an bpolasaí tréimhsí ina bhféadfaí táille a ghearradh as iompar/trealamh etc. a úsáid.<br>▪ Ranníocaíocht ainmniúil €2.36 san áireamh sa bhunráta €45. |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**6.30** Toisc nach ndéantar na hacmhainní a chuirtear ag obair chun póilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí NPD a thaifeadadh go lárnach ar bhealach comhsheasmhach agus iontaofa, is deacair costáil iomlán a dhéanamh ar an úsáid sin go héasca. I gcás an tsampla de 15 imeacht a roghnaíodh, thug an fhoireann imscrúdaithe meastachán maidir leis na costais iarbhír a bhaineann le póilíneacht a dhéanamh ar na himeachtaí, bunaithe ar na comhpháirteanna costais aitheanta atá leagtha amach i Fíor 6.3. Cuireadh torthaí an phróisis meastacháin sin i gcomparáid leis na táillí iarbhír a gearradh, agus an ráta aisghabhála costais iarbhír a measadh (féach Fíor 6.4).

**6.31** Bunaíodh na ríomhanna atá leagtha amach i Fíor 6.4 ar na costais iarbhír a aithníodh i.e. uaireanta ragoibre NPD a íocadh agus íocaíochtaí taistil agus cothaithe. Níorbh fhéidir costais eile a aithint, cosúil le pá na mball ar an uainchlár a bhféadfadh sé gur sannadh iad chun freastal ar imeachtaí NPD, agus mar sin tá baol ann go raibh an meastachán a tugadh ar na costais iarbhír gann. Ar an gcúis sin, d'fhéadfadh an céatadán den chostas a measadh a gheofaí ar ais a bheith luaite thar a chuid le hais na gcostas iarbhír a fuarthas ar ais.

**Fíor 6.4 Rátaí measta i dtaca le costais a aisghabháil le haghaidh sampla imeachtaí NPD a roghnaíodh**

| Cineál imeachta | Imeacht | Ráta lacáiste | Táille an Gharda Síochána | Costais iarbhír mheasta | Éagsúlacht idir costais mheasta agus an táille | Uasráta measta i dtaca le costais a aisghabháil[a] |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Imeacht Spóirt** | Féile samhraidh de chuid rásaí na Gaillimhe | Nialas | €24,912 | €48,795 | €23,883 | 51% |
| | Féile rásaíochta Bhaile Phúinse, Cill Dara | Nialas | €20,000 | €56,448 | €36,448 | 35% |
| | Féile rásaíochta na Nollag, Luimneach | 50% | €4,838 | €9,645 | €4,807 | 50% |
| | Cluiche sacair Shraith na hÉireann ag Club Sacair Ghaillimh Aontaithe | 50% | €1,187 | €1,108 | (€79) | 107% |
| | Club Sacair Chiarraí – trí chluiche sacair de chuid Shraith na hÉireann | Nialas | €2,430 | €3,037 | €607 | 80% |
| **Ceolchoirm / féile** | Féile Body and Soul, An Iarmhí | Nialas | €37,824 | €45,629 | €7,805 | 83% |
| | Harry Styles i gCaisleán Bhaile Shláine, An Mhí | Nialas | €207,180 | €274,166 | €66,986 | 76% |
| | Féile Oíche Chinn Bliana 2023, Baile Átha Cliath | 50% | €3,915 | €4,553 | €638 | 86% |
| | Ceolchoirm Snoop Dogg, Baile Átha Cliath | 50% | €1,755 | €3,249 | €1,494 | 54% |
| | Féile *Otherside* i Rock Farm, Baile Shláine, An Mhí | Nialas | €5,425 | €4,938 | (€487) | 110% |
| **Rás bóthair** | Run in the Dark, Baile Átha Cliath | 100% | — | €6,459 | €6,459 | 0% |
| **Mótar-railí** | Railí na Lochanna, Ciarraí | Nialas | €11,000 | €20,482 | €9,482 | 54% |
| | Railí Chorcaí | Nialas | €2,250 | €2,396 | €146 | 94% |
| **Cultúrtha** | Féile Thrá Lí, Ciarraí | Nialas | €6,000 | €17,483 | €11,483 | 34% |
| **Slándáil** | Maoirsiú ar phléascadh i gcairéal, Gaillimh | Nialas | €237 | €210 | (€27) | 113% |

Foinse: An Garda Síochána. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Mhéadódh costais bhreise (amhail pá na mball ar an uainchlár) na costais a tabhaíodh agus laghdóidís an ráta i dtaca le costais a aisghabháil.

**6.32** Is iad seo a leanas na príomhthorthaí ón anailís sin

- D’fhéadfadh sé nach mbainfí amach an sprioc 100% maidir le haisghabháil costas i gcás na gceolchoirmeacha móra tráchtála. Toisc nach dtiomsaíonn an Garda Síochána na costais iomlána a baineann le póilíneacht a dhéanamh ar na himeachtaí sin ar bhonn cuimsitheach, tá baol ann go bhfuil an Státchiste ag fóirdheonú eintitis a bhíonn ag lorg brabúis.
- Is léir go bhfuil easpa comhsheasmhachta sna rátaí aisghabhála costas a baineadh amach le haghaidh imeachtaí spóirt den chineál céanna (e.g. idir 35% agus 51% le haghaidh féilte rásaíochta), agus i gcur i bhfeidhm lacáistí.
- I gcás roinnt de na himeachtaí níos lú, tá an baol ann go bhféadfadh an Garda Síochána a bheith ag gearradh an iomarca táillí. Níl an t-údarás reachtach ag an nGarda Síochána táillí níos mó ná na costais a tabhaíodh a ghearradh. Cé gur dóigh gur tabhaíodh costais bhreise chun póilíneacht a dhéanamh ar na himeachtaí seo (baill ar an uainchlár etc.), ní bhailítear ná ní dhéantar doiciméadú ar an eolas sin agus dá bhrí sin, ní féidir leo tacú leis an táille iomlán a ghearrtar.

**6.33** Fuarthas san imscrúdú nach bhfuil dóthain eolais iontaofa ar fáil don Gharda Síochána maidir leis na costais iarbhír a tabhaíodh chun póilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí NPD. Mar sin, ní féidir leis an nGarda Síochána a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil leibhéal iomchuí costas á bhfáil ar ais chun seirbhísí an Gharda Síochána a chur ar fáil ag imeachtaí NPD.

### *Faisnéisiú agus athbhreithniú ar tháillí*

**6.34** Luaitear i nós imeachta reatha an Gharda Síochána gur cheart, i ndiaidh imeachta NPD a thabhairt i gcrích, faisnéisiú beacht a dhéanamh. Luaitear sa nós imeachta gur cheart go mbeadh anailís mar chuid den fhaisnéisiú maidir leis na socruithe airgeadais i dtaca le seirbhísí an Gharda Síochána a sholáthar mar aon le hoiriúnacht na dtáillí arna ngearradh, rud lena gcinnteofaí go raibh táillí den sórt sin ar aon dul le ceanglais phóilíneachta an imeachta.

**6.35** Iarradh na doiciméid faisnéisithe le haghaidh na sé imeacht ón sampla a roghnaíodh a bhí á mbainistiú i gcomhréir leis an mbeartas agus leis an nós imeachta nua i.e. a bhí ar siúl tar éis mhí Mheán Fómhair 2023. Níor soláthraíodh ach dhá dhoiciméad faisnéisithe. Mar sin féin, ní raibh aon anailís airgeadais ná measúnú ar oiriúnacht na dtáillí a gearradh don imeacht in aon cheann de na doiciméid a fuarthas.

**6.36** Ní bhfuarthas aon fhianaise san imscrúdú go ndéanann an Garda Síochána athbhreithniú siarghabhálach ar oiriúnacht na dtáillí a ghearrtar mar a thugtar le fios sa doiciméad nós imeachta.

## Rialuithe maidir le gearradh, billeáil agus bailiú na dtáillí NPD

**6.37** Níl aon nósanna imeachta foirmiúla doiciméadaithe ann le haghaidh táillí NPD a shonrascadh agus a bhailiú. Eisítear sonraisc bunaithe ar an eolas atá ar an tuairisceán A17 agus níl aon téarmaí íocaíochta ná dáta dlite sonraithe ar na sonraisc. Níl aon nósanna imeachta rialaithe creidmheasa doiciméadaithe i bhfeidhm ag an nGarda Síochána

- chun gnáth-bhillí neamhíoctha a fhiosrú nó
- chun meabhrúcháin a eisiúint ar bhonn rialta.

**6.38** Ón sampla de 15 imeacht a athbhreithníodh, bhí dhá shonrasc fós le híoc ag deireadh mhí an Mheithimh 2024. Bhain ceann acu sin le himeacht tráchtála a bhí ar siúl níos mó ná 12 mhí roimhe sin, agus bhí fiach mór i gceist leis.

**6.39** Ag deireadh na bliana 2023, bhí díol €3.6 milliún de shonraisc NPD fós gan íoc. Astu sin, bhí sonrasc seolta i gcás 34% díobh (€1.25 milliún) roimh 2023, agus bhí sonraisc ar fiú €512,000 ar an iomlán iad gan íoc ó roimh 2019. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2024, bhí an fiach a bhí fós le híoc ag deireadh na bliana 2023 tite go €1.7 milliún. Mar sin féin, ní raibh mórán de na sonraisc ní ba shine á n-íoc.

**6.40** Logáiltear sonraisc agus iarmhéideanna NPD ar scarbhileog in Aonad Airgeadais an Gharda Síochána. Is é an scarbhileog sin, ar a dtugtar an 'máistirliosta NPD', an t-aon taifead de shonraisc NPD arna n-eisiúint atá á gcoinneáil ag an nGarda Síochána. Thug an fhoireann imscrúdaithe faoi deara go raibh sé deacair mar gheall ar fhormáid na sonraí a taifeadadh ar an scarbhileog grinnscrúdú nó anailís a dhéanamh orthu.

**6.41** Tá rioscaí móra ag baint le príomhthaifid chuntasaíochta (cosúil le máistirliosta NPD) a choinneáil ar scarbhileog excel aonair. Is furasta na sonraí a thruailliú de bharr earráid dhaonna agus saincheisteanna slándála sonraí. Ní dhéantar eolas a choinnítear ar an scarbhileog a nascadh go huathoibríoch le taifid chuntasaíochta na heagraíochta. Thairis sin, ní ghintear aon rian iniúchta má chuirtear sonraisc ar ceal nó má bhaintear den liosta iad.

**6.42** D'iarr an fhoireann imscrúdaithe liosta de na nótaí creidmheasa a eisíodh in aghaidh na sonrasc NPD chun measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil na sonraisc a eisíodh á mbailiú ag an táille a comhaontaíodh. Dúirt an Garda Síochána nár ardaíodh aon nótaí creidmheasa i ndáil le sonraisc NPD.

**6.43** I gceann de na 15 chás a athbhreithníodh, thug an fhoireann imscrúdaithe faoi deara go raibh an táille tosaigh NPD ríofa le haghaidh imeachta a tharla sa chéad leath de 2023. Rinneadh sonrasc le haghaidh an mhéid ríofa, agus eisíodh é sin d'eagraí an imeachta ag an am. Níor íocadh an sonrasc sin. Comhaontaíodh táille laghdaithe de thart ar aon trian den táille ríofa níos déanaí agus rinneadh sonrasc nua maidir leis sin agus íocadh é. Ní raibh aon taifead den sonrasc tosaigh a bheith curtha ar ceal, ná ní raibh aon taifead de nóta creidmheasa a bheith déanta maidir leis an laghdú táille.

**6.44** I ngeall nach raibh aon rian iniúchta ann le haghaidh sonraisc a bhí curtha ar ceal nó cinn a raibh a leath curtha chun sochair dóibh, ní raibh an fhoireann imscrúdaithe in ann a rá cá mhéad sonrasc a bhí laghdaithe i ndiaidh iad a phlé. I gcás inar féidir sonraisc a chur ar ceal agus a atheisiúint gan rian iniúchta, tá baol earráide níos mó ann nó go mbeadh lamháltais mhíchuí ann gan fhios agus dá bhrí sin baol níos mó go gcaillfidh an Státchiste airgead.

## Conclúidí agus moltaí

**6.45** Ó 2022 i leith, tá céimeanna glactha ag an nGarda Síochána chun feabhas a chur ar an gcomhsheasmhacht a bhaineann leis an gcur chuige maidir le táillí a ghearradh ar imeachtaí NPD. Leis an treoir eatramhach a eisíodh i mhí an Mheithimh 2022, tar éis an bheartais agus an nós imeachta a cuireadh i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2023, bunaíodh creat beartais agus muirearaithe chun seirbhísí an Gharda Síochána a sholáthar ag imeachtaí NPD.

**6.46** Ó mhí an Mheithimh 2022, tá uaireanta póilíneachta NPD á ngearradh ar tháille bhunráta €45 in aghaidh na huaire, gan beann ar ghrád na mball a shanntar don imeacht. Tá an ráta sin i bhfad níos lú ná na rátaí athraitheacha a bhí in úsáid roimhe sin, agus tá athbhreithniú le déanamh go fóill ag an nGarda Síochána maidir le hoiriúnacht an bhunráta trí chomparáid a dhéanamh idir é agus na costais iarbhír a thabhaítear.

### Moladh 6.1

Luaitear sa nós imeachta reatha go ndéanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an mbunráta €45. Ba cheart go n-áireofaí leis an athbhreithniú sin comparáid de chostais mheasta (ag úsáid an bhunráta) le costais iarbhír a tabhaíodh agus a íocadh, le haghaidh sampla imeachtaí NPD, chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an bunráta iomchuí.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaíonn leis.

Cuimseoidh an Garda Síochána an anailís a bhfuil cuntas tugtha uirthi sa chéad athbhreithniú tréimhsiúil eile a dhéanfar ar an gcáipéis bheartais *Soláthar Seirbhísí an Gharda Síochána le haghaidh Imeachtaí Áirithe agus Muirir lena mBaineann.* Tá coinne leis go ndéanfar an chéad athbhreithniú eile in 2024.

**Amlíne le haghaidh cur i bhfeidhm**

R4 2024

**6.47** Is ceist bheartais don Gharda Síochána a chinneadh cathain atá sé oiriúnach táille a tharscaoileadh nó a laghdú, go háirithe nuair atá forluí idir an dualgas poiblí agus póilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí NPD, cuir i gcás bainistíocht tráchta i limistéir timpeall ar ionad imeachta. Dealraíonn sé gur iarracht réasúnach í an mhaitrís scórála atá sa chreat beartais reatha chun cur chuige trédhearcach agus comhsheasmhach a leagan amach chun a mheas ar cheart táillí a laghdú. Mar gheall nár cuireadh an doiciméadach scórála seo ar fáil don fhoireann scrúdúcháin don chúig imeacht shamplacha a athbhreithníodh, áfach, níorbh fhéidir bunús agus bailíocht na gcinntí chun muirir a laghdú nó táillí a tharscaoileadh a fhíorú. Tá taifead doiciméadaithe go soiléir de chinntí ríthábhachtach chun sláine an réimis muirearaithe a chinntiú.

### Moladh 6.2

Ba cheart don Gharda Síochána a chinntiú go bhfuil gach cinneadh chun táillí a tharscaoileadh nó a laghdú doiciméadaithe go soiléir i gcomhréir leis an mbeartas agus an nós imeachta ábhartha. Ba cheart an doiciméadacht tacaíochta a sholáthar don Aonad Airgeadais agus a choimeád go lárnach.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaíonn leis.

Eiseoidh an Garda Síochána cumarsáid iomchuí chun an moladh a fhorfheidhmiú.

**Amlíne le haghaidh cur i bhfeidhm**

R4 2024

**6.48** Mar gheall ar an gcaoi a dtaifeadtar faisnéis maidir le huaireanta a oibrítear agus taisteal agus cothú a éilítear ag imeachtaí NPD, ní féidir costais iomlána iarbhír a bhaineann le póilíneacht a dhéanamh ar imeachtaí NPD a fhíorú. Ina theannta sin, ní mheasann an Garda Síochána gur costais a bhaineann le NPD iad costais a bhaineann le foireann ar an uainchlár a bheith ag obair ag imeacht NPD, cibé acu más le linn gnáthuaireanta é nó más ragobair atá i gceist.

**6.49** Mar gheall nach féidir leis an nGarda Síochána meastachán réasúnach a thabhairt ar na costais iarbhír a thabhaítear chun imeachtaí NPD a phóilíniú, ní féidir leo an ráta aisghabhála costas a chinneadh, ná measúnú a dhéanamh an bhfuil sé socraithe ag leibhéal iomchuí. San anailís ar na taifid maidir le sampla imeachtaí sainaithníodh neamhréireachtaí feadh na rátaí aisghabhála costas a baineadh amach ó imeachtaí cosúla, chomh maith le himeachtaí tráchtála agus, contrártha le beartas, níor baineadh amach aisghabháil costas iomlán. I gcás ina dteipeann ar an nGarda Síochána aisghabháil a dhéanamh ar na costais iomchuí a tabhaíodh, tá baol ann go gcaillfeadh an Státchiste airgead agus go ndéanfaí fóirdheonú ar oibreoirí an imeachta ar eintitis a bhíonn ag lorg brabúis iad i roinnt cásanna.

**6.50** Ceanglaítear sa bheartas reatha go ndéanfaí measúnú ar shocruithe airgeadais, agus tá oiriúnacht na dtáillí a ardaíodh mar chuid de dhoiciméad faisnéisithe an imeachta. Ní raibh aon fhianaise, áfach, gur chuir an Garda Síochána é sin i gcrích maidir le ceann ar bith de na sé imeacht infheidhme a áirítear sa sampla.

**Moladh 6.3**

Ba cheart don Gharda Síochána athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis bhainistíochta atá ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar cibé ar féidir sonraí níos bríche ar na costais iarbhír a tabhaíodh agus imeachtaí NPD á bpóilíniú a chur ar fáil.

Ba cheart spriocrátaí aisghabhála costas do chineálacha imeachtaí a bhunú lena chinntiú go bhfuil leibhéal iomchuí costas á aisghabháil, agus chun comhsheasmhacht sna rátaí a bhaintear amach a mhéadú.

Ba cheart measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na dtáillí a ghearrtar go tráthrialta mar chuid d'fhaisnéisiú an imeachta, i gcomhréir le beartas agus nós imeachta reatha.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaíonn leis.

Déanfaidh an Garda Síochána athbhreithniú ar an acmhainneacht atá ar fáil faoi láthair, chun tuiscint a fháil ar indéantacht úsáid na gcóras chun spriocrátaí aisghabhála costais a rianú do chineálacha imeachtaí agus go bhfuil leibhéal iomchuí costais á aisghabháil.

**Amlíne le haghaidh cur i bhfeidhm**

Déanfaidh an Garda Síochána staidéar indéantachta maidir le cur i bhfeidhm an mholta seo. Tá dáta críochnaithe réamhthuartha an staidéir indéantachta seo agus cur i bhfeidhm aon mholta a éiríonn as in 2025.

**6.51** Tá laigí suntasacha ann maidir le táillí NPD comhaontaithe a shonrascadh agus a bhailiú. Mar gheall ar an easpa gnáthnósanna imeachta rialaithe creidmheasa, méadaítear an baol nach ngnóthófaí na méideanna dlite ar bhonn tráthúil, agus ar deireadh go bhféadfadh drochfhiacha agus caillteanas don Státchiste a bheith dá thoradh.

**6.52** In éagmais rian iniúchta do shonraisc a ardaíodh, a laghdaíodh nó a cealaíodh, méadaítear an riosca nach mbraithfí calaois nó earráid. Mar gheall go dtaifeadtar sonraisc agus fáltais (arb ionann iad €8.4 milliún in 2023)[1] ar scarbhileog as féin, nach bhfuil comhtháite sna taifid chuntasaíochta airgeadais, nochtar an eagraíocht do leibhéal riosca airgeadais gan ghá.

**Moladh 6.4**

Ba cheart don Gharda Síochána athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar na rialuithe atá i bhfeidhm ar bhilleáil agus admhálacha sonrasc NPD chun nósanna imeachtaí foirmiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le billeáil, cealú agus admháil sonrasc NPD.

Ba cheart don Gharda Síochána aghaidh a thabhairt freisin ar na rioscaí rialaithe airgeadais a bhaineann le liostaí sonraisc a choimeád ar scarbhileog as féin nach bhfuil comhtháite i dtaifid chuntasaíochta airgeadais na heagraíochta.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaíonn leis.

Déanfaidh an Garda Síochána iarracht le nósanna imeachta a chur ar bhonn foirmiúil maidir le billeáil agus admháil sonrasc maidir le dualgas nach dualgas poiblí é agus é sin a ionchorprú laistigh de na nósanna imeachta maidir le *Soláthar Seirbhísí an Gharda Síochána le haghaidh Imeachtaí Áirithe agus Muirir lena mBaineann.* Ina theannta sin, tá Stiúrthóireacht Airgeadais an Gharda Síochána chun feidhmeanna cuntas infhála a úsáid mar chuid den aistriú níos leithne chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá le tarlú in 2025.

**Amlíne le haghaidh cur i bhfeidhm**

2025

1 Rinneadh an méid os cionn €7 milliún a thaifeadadh go mícheart mar fháltais sa tuarascáil bhunaidh a foilsíodh.

## Iarscríbhinn 6A Maitrís scórála maidir le lacáiste táillí

| Critéir | Ceist | Freagra | Scór[a] |
|---|---|---|---|
| **Cineál imeachta** *(Ba cheart imeacht neamhcheadúnaithe a ghabháil faoi cheann amháin de na ceannteidil ábhartha seo)* | Imeacht tráchtála | Is ea | |
| | Imeacht carthanais | Is ea | |
| | Imeacht pobail | Is ea | |
| | Imeacht cultúrtha/oidhreachta | Is ea | |
| | Imeacht príobháideach | Is ea | |
| | Imeacht spóirt/le táille iontrála iníoctha | Is ea | |
| **Óstach/eagraí/tionscnóir** | Más ann do thionscnóir sainaithnítear go soiléir imeacht tráchtála. D'fhéadfadh imeacht neamhthráchtála nó imeacht spóirt suntasach a bheith i gceist freisin? | D'fhéadfadh<br>Ní fhéadfadh | |
| **Ceadúnas áitribh/teastas sábháilteachta ag teastáil** | An dteastaíonn ceadúnas? Teastaíonn ceadúnas nó teastas sábháilteacht ó imeachtaí áirithe le feidhmiú. Tugann an toilleadh imeachta agus na ceadúnais atá ag teastáil le fios gur mórimeacht atá i gceist. | Teastaíonn<br>Ní theastaíonn | |
| **Íocaíocht chun freastal ar an imeacht** | An mbeidh ar bhaill den phobail íoc le freastal ar an imeacht? D'fhéadfadh imeacht tráchtála, carthanais, neamhcheadúnaithe nó pobail a bheith i gceist. | Beidh<br>Ní bheidh | |
| **Slándáil** | An úsáidfear slándáil faofa ag an Údarás Slándála Príobháidí (PSA) ag an imeacht? (D'fhéadfadh sé seo cuidiú chun an líon póilíní a laghdú). Teastaíonn comhaontú le bainistíocht an Gharda Síochána maidir le líon na mball slándála agus maor ceadúnaithe. Mura bhfuil aon phearsanra ceadúnaithe PSA, is nialas an scór. | Úsáidfear<br>Ní úsáidfear | |
| **Taibheoirí íoctha** | An íocfar na taibheoirí ag an imeacht? D'fhéadfadh imeacht tráchtála, carthanais, neamhcheadúnaithe nó pobail a bheith i gceist. | Íocfar<br>Ní íocfar | |
| **Lamháltais trádálaithe** | An mbeidh ar thrádálaithe íoc ag an imeacht? D'fhéadfadh sé seo mórimeacht a thabhairt le fios. | Beidh<br>Ní bheidh | |
| **Fáltais d'eagraíochtaí carthanais/pobail** | An mbeidh 100% den bharrachas ioncaim á dháileadh ar charthanais nó an mbeidh sé á dháileadh ar an bpobal tríd an eagraíocht? | Beidh<br>Ní bheidh | |
| **Fáltais d'eagraíochtaí spóirt** | An ndáileann an eagraíocht a bharrachas ón imeacht chuig cur chun cinn an spóirt ábhartha? | Dáileann<br>Ní dháileann | |
| **Tionchar ar an bpobal** | An ndéanfar difear don phobal mar gheall ar reáchtáil an imeachta, cosúil le níos mó tráchta, suaite agus neamhord poiblí? | Déanfar<br>Ní dhéanfar | |
| **Póiliniú breise** | An dteastaíonn níos mó póilínithe ná mar is gnách mar gheall ar an imeacht? Cuir suíomh, próifíl an tslua agus riosca san áireamh. | Teastaíonn<br>Ní theastaíonn | |

Foinse: An Garda Síochána

Nóta: a Sanntar scóir ualaithe -10, 5, 0, 10 agus 20 do gach freagra sa doiciméad nós imeachta inmheánach.